16

Focail Dheacra

	Lch
múscánta	157
neach cuachta lách	158
gártha uchtbharr gnúis	159
créacht galraithe	162

Frásaí

	Lch
Is buí le bocht an beagán	161

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cad é an boladh a bhí san aer?
2. Cén chuma a bhí ar an Ghearmánach a chuaigh a fhad le Joey?
3. Cén cineál éide a bhí ar an fhear óg?
4. Cad é a thug an fear is sine do Joey?
5. Cárbh as don tsaighdiúir óg?
6. Cén réiteach atá ag an Ghearmánach ar an fhadhb?
7. Cé a bhain nuair a chaith siad an bonn san aer?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth a raibh bratach bhán á croitheadh ag an fhear a bhí ag dreapadh amach as na trinsí?
2. Fiosraigh an rud a bhí i gceist ag an tsaighdiúir óg nuair a dúirt sé, "Ar ndóigh bhí an freagra ag Rí Solamh."
3. Cén fáth ar thug an fear óg "Jerry" ar an duine eile?
4. Cad é a shíl an fear óg a tharlódh do Joey mura nglacfadh siad chuig an ospidéal láithreach é?
5. An raibh an ceart ag an Ghearmánach nuair a dúirt sé, "Beidh muid arís ag déanamh ár seacht ndícheall an duine eile a mharú"?
6. An dóigh leat go dtiocfadh leis an bheirt fhear an cogadh a réiteach eatarthu féin?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Dúirt an saighdiúir óg nach raibh an locht air féin ná ar an Ghearmánach nach raibh siad sa bhaile ina ngleannta féin. Mura raibh an locht ar na saighdiúirí faoin chogadh, cé air a raibh an locht?
2. Cad é a léiríonn an rud a tharla idir an bheirt fhear faoin chogadh?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Scríbhneoireacht

Achoimre

Scríobh achoimre ar na príomheachtraí a tharla sa scéal go dtí seo.

Gníomhaíocht 2: Plé Grúpa

Amharc ar an phictiúr seo agus scríobh síos cúig fhocal a thagann isteach i do chloigeann. Scríobh síos na téamaí atá le feiceáil ann agus pléigí mar rang iad.